



Dréachtchoistí um Beartas Straitéiseach 2024-2029

Tá an bonn reachtúil do na Coistí um Beartas Straitéiseach (CBSanna) leagtha amach i gCuid 48 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú le hAlt 41 d'Acht 2014. Is feidhm fhorchoimeáda é déanamh na scéime CBS.

Tá CBSanna ceaptha a bheith straitéiseach, fad is a théann na Coistí Ceantair i ngleic le cúrsaí oibríochtúla den chuid is mó. Tá agus beidh an Chomhairle Cathrach ar an údarás cinnteoireachta agus is faoin gComhairle atá sé an cinneadh deiridh maidir le cúrsaí straitéiseacha a dhéanamh.

Moltar i dTreoirínthe na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta gur cheart do CBSanna:

- cabhrú leis an gComhairle maidir le cur le chéile, forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú na mbeartas agus na straitéisí a dhéanamh.
- príomhfheidhmeanna nó seirbhísí an údaráis áitiúil a léiriú laistigh den chomhthéacs níos leithne.
- polasaí corparáideach foriomlán agus cuspóirí na Comhairle a chur san áireamh, a chomhtháthú le pleananna reachtúla agus a nascadh go réalaíoch le hacmhainní airgeadais.
- a bheith saincheaptha do mhéid, ballraíocht agus acmhainní riaracháin an údaráis áitiúil, ach ceathrar a bheith ann de ghnáth.
- aon trian dá mballraíocht a bheith ó earnálacha a bhaineann le hobair na gCoistí. Ba cheart go mbeadh duine amháin de na comhaltaí ar a laghad ar gach coiste a bheith ón mBallraíocht sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail.
- Bualadh lena chéile faoi dhó in aghaidh na bliana ar a laghad. Bhuaileadh CBSanna i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena chéile ceithre go sé huair in aghaidh na bliana de ghnáth.
- Ba cheart don Ghrúpa Beartais Chorparáidigh (CPG) cláir oibre na CBSanna a shocrú agus ceisteanna le plé a mholadh do na CBSanna. Ní mór do gach foghrúpa na

CBSanna a bheith ceadaithe ag an CPG chun soiléireacht a chinntiú maidir le hachóimrí, tuairisciú agus comhréim oibre idir na Coistí a sheachaint.

Sholáthair Scéim CBS Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2019-2024 7 CBS agus tá struchtúr den chineál céanna á mholadh agam do 2024-2029, mar seo a leanas:

1. **CBS Pobail, Gaeilge, Spóirt & Cultúr**

21 comhalta: 14 Chomhairleoir, 7 gComhalta Earnála

Réimsí Polasaí

Cartlann agus Leabharlanna

Bithéagsúlacht

Comóradh

Ealaíona

Cultúr

Dánlanna & Iarsmalann

An Ghaeilge

Ceol

Páirceanna, spásanna oscailte & an timpeallacht nádúrtha

Béilí Scoile

Ionaid Spóirt agus Caitheamh Aimsire

Forbairt Spóirt

Smacht ar Chapaill & ar Mhadraí

Corrthrádáil & taibheoirí sráide

2. **CBS um Ghníomhú ar son na hAeráide & Acmhainneacht Uirbeach**

15 chomhalta: 10 gComhairleoir, 5 Chomhalta Earnála

Réimsí Polasaí

Cáilíocht an Aeir/ Uisce (Amh)

Athrú Aeráide

Cosaint an Chomhshaoil

Inbhuanaitheacht chomhshaoil

Cosaint ar Thuilte

Draenáil Uisce Dromchla

3. **CBS um Forbairt Eacnamaíoch & Fiontar**

15 Comhaltaí: 10 gComhairleoir, 5 Chomhalta Earnála

Réimsí Polasaí

Maidir le Forbairt Eacnamaíoch,

Tacaíocht Fiontair

Comhpháirtíocht Áitiúil Eacnamaíochta agus Phobail (LECP)

Ócáidí & Féilte

Oifig Fiontair Áitiúil

Turasóireacht

Margaí

Caidreamh Idirnáisiúnta & Cathracha Cliste

4. **Airgeadas CBS**

18 Comhaltaí: 12 Chomhairleoir, 6 Chomhalta Earnála

Réimsí Polasaí
Buiséad – Caipiteal & Ioncam
Airgeadas
Cáin Mhaoine Áitiúil
Mótarcháin
Soláthar
Giniúint ioncaim
Rátaí
Bainistíocht Riosca

5. **Tithíocht CBS**

24 Comhaltaí: 16 Chomhairleoir, 8 gComhalta Earnála

Réimsí Polasaí
Polasaí Tithíochta
Easpa Dídine
Seachadadh Tithíochta
Tithíocht Inacmhainne agus ar Cíos de réir Costais
Tithíocht agus Daoine faoi Mhíchumas
Cothabháil Tithíochta agus Bainistíocht Eastáit
Dídeanaithe
Cláir Chóiríochta don Lucht Siúil
Leas Tithíochta
Bailiú & Measúnú Cíosa
Seanóirí

6. **CBS Soghluaiستهacht agus na Ríochta Poiblí**

18 Comhaltaí: 12 Chomhairleoir, 6 Chomhalta Earnála

Réimsí Polasaí
Gluaiseacht Tráchtála & Earraí
Rotháíocht
Pleanáil na Timpeallachta Tráchtála
Éascú an Iompair Phoiblí
Rialú & Forfheidhmiú Páirceála
Áiseanna do Choisithe
Bóithre & Sábháilteacht ar Bhóithre
Rialú & Bainistíocht Tráchtála
Bainistiú Bruscair & Dramhaíola

7. **CBS Pleanála & Athghiniúna Uirbí**

15 Comhaltaí: 10 gComhairleoir, 5 Chomhalta Earnála

Réimsí Polasaí
Seandálaíocht
Rialú Tógála
Caomhnú
Bainistíocht Forbartha
Oidhreacht
Pleanáil Chun Cinn
Seirbhísí Pleanála
Bainistíocht Réadmhaoine
Treoirínte na Pleanála Réigiúnaí
Tionscadail Straitéiseacha agus Athnuachana Uirbí

Cuireann na treoirínte Roinne maidir leis an nGrúpa Beartais Chorporáidigh (CPG) de chúram ar an nGrúpa ullmhúchán a dhéanamh don bhuiséad, luach ar airgead, pleananna seachadta seirbhíse agus pleanáil chorporáideach. Molaim go dtarlígfadh an CPG na feidhmeanna seo chuig an nGrúpa Comhairleach ar an mBuiséad.

Faoin togra seo, beidh gach Comhairleoir ina chomhalta de CBS amháin agus ní bheidh sé ina chomhalta de níos mó ná dhá Choiste. Moltar sna Treoirínte gur cheart go léireodh an bhallraíocht comhréireacht agus dáileachán na hionadaíochta tofa ar an gComhairle iomlán. De réir na mBuanorduithe tá lánchead ag gach Comhairleoir freastal ar, agus páirt a ghlacadh in, aon CBS a bhfuil suim aige ann, fiú mura bhfuil sé ina chomhalta den CBS. É sin ráite, níl cead ach ag Comhaltaí an CBS vóta a chaitheamh maidir le ceisteanna a phléitear. Ní mór a lua má thagann méadú ar líon na gComhairleoirí ar CBS nach mór cur le líon na mballraíochtaí seachtracha, toisc go gcaithfidh cóimheas aon trian de chomhaltaí seachtracha le dhá thrian de chomhaltaí Comhairleora a bheith ann.

Moltar freisin go léirítear réimse leathan tuairimí agus spéiseanna ó eárnálacha eile, chun a chinntiú go bhfuil gach CBS ionchuimsitheach agus éifeachtach.

Molaim go bhfaomhann an Chomhairle Cathrach bunú 7 CBS mar atá leagtha amach thuas, agus go n-earcaítear 7 gCathaoirleach Ainmnithe anois le bheith ag obair le mo Roinn sna seachtainí amach romhainn, ar mhaithe le Dréachtscéim an Choiste um Beartas Straitéiseach 2024 – 2029 níos mionsonraithe a chur le chéile le cur i láthair na Comhairle ag a cruinniú i mí Mheán Fómhair. Cuirfidh sé seo ainmneacha agus feidhmeanna gach CBS i gcrích, agus chomh maith leis sin sonrófar an meascán cuí den ionadaíocht eárnála a bhfuil gá léi de réir na dtreoirínte. **Go hidéalach bheadh gach Cathaoirleach ina chathaoirleach ar feadh théarma na Comhairle, ach ar feadh trí bliana ar a laghad**

Meastar go bhfuil ról ríthábhachtach ag Cathaoirligh na CBSanna maidir le rath na CBSanna agus an Ghrúpa Beartais Chorporáidigh (CPG) araon. Dá réir sin, iarrtar ar na húdaráis áitiúla a chinntiú go roghnaítear Cathaoirligh CBS ar an mbonn seo a leanas:

- go bhfuil suim acu in obair na CBSanna
- go bhfuil tuiscint mhaith acu ar ról ceannaireachta na gCathaoirleach CBS
- go bhfuil meas acu ar an ngá le bheith ag obair leis an Stiúrthóir Seirbhíse ábhartha ionas go ritear na CBSanna agus an CPG (a bhfuil Cathaoirligh CBS mar chuid de chomh maith leis an Méara/Cathaoirleach le tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach) go maith agus go héifeachtach

Má fhaomhtar an Dréachtscéim i mí Iúil, tá sé beartaithe go gcuirfear tuarascáil agus Dréachtscéim CBS deiridh amach don chomhairliúchán agus go seolfar chuig an PPN iad le plé. Cuirfear an tuarascáil deiridh i láthair ag an gcruinniú i mí Mheán Fómhair go nglacfaidh an Chomhairle Cathrach léi. Faoin tráth sin is féidir le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cuireadh a thabhairt do pháirtithe ar mian leo spéis a léiriú i bpáirt a ghlacadh ann. Beidh dualgas ar an PPN comhalta amháin ar a laghad a thoghadh óna mballraíocht chun gach CBS. Ba cheart go mbeadh comhaltaí eárnála ann ó mhí Dheireadh Fómhair 2024.

Richard Shakespeare
Príomhfheidhmeannach,
26 Meitheamh 2024.